www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

**ADVANCED SUBSIDIARY (AS)**
**General Certificate of Education**
**2011**

# Irish

## Assessment Unit AS 2

Section A

*assessing*

Listening

**[AI121]**

**THURSDAY 9 JUNE, MORNING**

# TRANSCRIPT

**GCE Recording instructions**

☐ Indicates track break

Each piece heard once only

www.xtrapapers.com

Northern Ireland Council for the Curriculum, Examinations and Assessment
General Certificate of Education, Summer 2011
Irish, Assessment Unit 2
Advanced Subsidiary,
Listening

Read each question carefully. Listen to the recording and write your answer in the space provided.

Make sure that you have clearly understood the instructions given on the front page of the question paper before you begin the examination.

Question 1

De réir taighde a rinneadh i mí na Nollag, tá gutháin póca, cluichí físeáin agus an teilifís ag cur isteach go mór ar an chodladh a fhaigheann páistí san oíche. Tugadh míle ceistneoir amach do dhaltaí scoile idir aon bhliain déag agus trí bliana déag d'aois a fhreastalaíonn ar scoileanna dara leibhéal. Dúirt bunús na ndaltaí go dtéann siad a luí ar leath i ndiaidh a naoi, ach dúirt daichead faoin chéad de na daltaí go dtéann siad a luí ar leath i ndiaidh a deich.

Dúirt saineolaithe sláinte go bhfuil sé i bhfad rómhall do dhaoine óga bheith ag dul a luí ar leath i ndiaidh a deich san oíche. Dúirt siad go gcothaíonn easpa codlata mí-iompar sa rang agus go gcuireann sé isteach ar dhul chun cinn an dalta ar scoil. Dúirt breis agus caoga faoin chéad de na daltaí a ceistíodh go bhfanann siad ina suí san oíche chun cluichí a imirt ar an ríomhaire nó ar an ghuthán nó le bheith ag amharc ar an teilifís.

Léirigh torthaí an taighde go bhfuil teilifíseán sa seomra leapa ag seasca faoin chéad de na daoine óga a d'fhreagair an ceistneoir. Dúirt gasúr beag amháin, arbh as Béal Feirste dó, go mbíonn sé ag imirt cluichí ar an ríomhaire go dtí a haon déag a chlog agus go mbíonn sé doiligh dó éirí ar maidin le dul ar scoil.

De réir na saineolaithe sláinte, ba chóir do pháistí aon bhliain déag d'aois deich n-uaire an chloig codlata a fháil gach oíche. Tá nasc láidir ann idir easpa codlata agus easpa fuinnimh, dar leo.

Rinneadh taighde ar an ábhar céanna i Londain agus dúirt dochtúir a bhíonn ag obair in Ospidéal Naomh Tomás go bhfuil an codladh an-tábhachtach do pháistí óga agus go gcuidíonn an codladh le forbairt inchinne an pháiste. Dúirt sé go bhfuil baint mhór ag an easpa codlata le fadhbanna itheacháin. Mura bhfaigheann an páiste oíche mhaith codlata, cruthaíonn an cholainn hormóin a chuireann fonn air bheith ag ithe. Cruthaíonn sé seo fadhbanna ar nós fadhbanna meáchain agus fadhbanna raimhreachta.

Mhol na saineolaithe sláinte do na páistí níos lú ama a chaitheamh os comhair an teilifíseáin agus níos lú ama a chaitheamh ag imirt cluichí ríomhaire. Mhol siad dóibh níos mó ama a chaitheamh amuigh faoin aer. Chuideodh sé seo leo bheith tuirseach san oíche agus oíche mhaith codlata a fháil, dá thairbhe.

*Arna aistriú as bbcnews 09/03/10*

www.xtrapapers.com

Question 2

Criostal Thír Eoghain

Bhí díomá an domhain ar na hoibrithe sa mhonarcha a thairg *Criostal Thír Eoghain* nuair a druideadh ar an Déardaoin seo caite í. Is cosúil go raibh an cúlú eacnamaíochta ag dul i bhfeidhm ar an mhonarcha le blianta beaga anuas. Rinneadh iarracht an mhonarcha a dhíol le grúpa fear gnó, ach theip ar an iarracht seo agus chaill duine is tríocha a bpost nuair a tháinig deireadh léi.

Dúirt urlabhraí thar ceann an chomhlachta, *Criostal Thír Eoghain* go ndearna an comhlacht a sheacht ndícheall an mhonarcha a choinneáil ag feidhmiú agus gur chuir sé isteach go mór air go raibh daoine anois as obair. Chuir sé an locht ar an easpa suime sa chriostal le blianta beaga anuas agus ar an chúlú eacnamaíochta, ar ndóigh. Ghabh sé a bhuíochas leis na hoibrithe a léirigh díograis agus dílseacht don chomhlacht thar na blianta, dar leis.

Dúirt oibrí amháin a labhair lenár dtuairisceoir go raibh sé ag obair sa mhonarcha le beagnach daichead bliain anuas. Dúirt sé gur baineadh geit as nuair a chuala sé go mbeadh an mhonarcha ag druidim. Dúirt sé go ndeachaigh sé caol díreach chun na monarchan nuair a d'éirigh sé as an scoil agus nach raibh taithí aige ar phost ar bith eile.

Osclaíodh an mhonarcha daichead bliain ó shin. Go dearfa, téann stair an chriostail i dTír Eoghain siar go dtí an bhliain seacht déag seachtó a haon nuair a bhunaigh Benjamin Edwards comhlacht gloine sa chontae. Cuireadh tús leis an chomhlacht *Criostal Thír Eoghain* go díreach dhá chéad bliain ina dhiaidh sin sa bhliain naoi déag seachtó a haon. Chuidigh an comhlacht le fostaíocht a chur ar fáil do mhuintir Dhún Geanainn. Ní raibh mórán fostaíochta sa cheantar an t-am sin agus is beag eolas a bhí ag muintir na háite ar an dóigh le criostal a dhéanamh. Cuireadh fógra ar an nuachtán náisiúnta, áfach, agus ar an dea-uair chonaic beirt fhear as an Ostair, a raibh na scileanna acu, an fógra céanna agus d'fhreagair siad é. Tháinig siad go Tír Eoghain gur thosaigh siad a thraenáil daoine as Dún Geanainn ar an dóigh le criostal a dhéanamh agus d'fhás an mhonarcha go dtí go raibh clú mór uirthi ar fud an domhain.

Mheall an mhonarcha turasóirí as gach cearn den tír, agus go dearfa as gach cearn den domhan go Dún Geanainn i dTír Eoghain. Tá eagla ar mhuintir na háite anois go mbeidh bialanna beaga agus siopaí beaga sa cheantar ag fulaingt mar gheall ar dhruidim na monarchan de bhrí nach mbeidh na turasóirí ag teacht chun na háite. Beidh clár speisialta faoi *Criostal Thír Eoghain* ar an raidió ar an Domhnach ar a ceathair.

*Arna aistriú as suíomh Idirlín BBC Thuaisceart Éireann, 12ú Márta 2010*

This is the end of the recording.